

Tidy Towns Competition 2017

Adjudication Report

Centre: Carna	Ref: 1827
County: Galway	Mark: 272
Category: B	Date(s): 19/06/2017

	Maximum Mark	Mark Awarded 2016	Mark Awarded 2017
Community Involvement & Planning	60	36	36
Built Environment and Streetscape	50	39	40
Landscaping and Open Spaces	50	37	37
Wildlife, Habitats and Natural Amenities	50	25	25
Sustainable Waste and Resource Management	50	12	12
Tidiness and Litter Control	90	53	55
Residential Streets & Housing Areas	50	30	30
Approach Roads, Streets & Lanes	50	36	37
TOTAL MARK	450	268	272

Community Involvement & Planning / Rannpháirtíocht an Phobail & Pleanáil:

Déanann an moltóir na mílte fáilte roimh Charna chuig Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara SuperValu do 2017. Tá roinnt blianta ann ó thugas cuairt ar an mbaile beag seo agus feicim go bhfuil dul chun cinn fiúntach déanta agaibh ó shoin. Brón orm bheith ag tabairt gearán libh chomh luath sa tuairisc, ach bhí frustrachas leis an iarratas is mé ag iarraidh tuiscint a dhóthain d'fháil ar an léarscáil. Ba bheag an chabhair é is mé ag iarraidh na figiúirí a dheanam amach, fiú le gloine formhéadaithe. Feicim go raibh fadhb ag an moltóir anuraidh chomh maith. Iarraim oraibh soiléiriú a chur i gcrích don bhliain seo chugainn. An méid sin ráite tugadh liosta breá cuimsitheach duinn ar na tograí atá eadar lámh agaibh agus ciallaíonn sé dúinn go bhfuil tacaíocht fhiúntach agaibh ón bpobal agus ach go háirithe ó lucht oidieachais ón mBun Scoil go dtí Acadamh agus an Pobal Scoil, maith sibh. Tá fíis agaibh suas go 2019 agus is dea- chomhartha é sin go bhfuil sibh ag féachaint ar aghaidh. Thugamar cuairt ar bheagnach gach a bhí luaite san iontráil agaibh.

Built Environment and Streetscape / An Timpeallacht Thógtha agus Sráid-dreacha:

Tá rogha leathan de fhoirgnimh agaibh tríd ach bhaile ach tugann an séipéal an barr leis. Tá suíomh fé leith ag an séipéal seo agus é chomh meallteach do chách. Anuas ar sin tá áilleacht ar leith ag baint leis an dearadh agus is breálinn bheith ag tabhairt cuairt air. Faraor níor éirigh linn an tobar a bhaint amach ar chúl an tSéipéil, ní raibh aon chomhartha le feiscint ina thaobh. Más fiú cuairt ar an tobar is fiú comhartha a chur leis. Téann na foirgnimh ar an mbealach isteach ó Ros Muc go mór i bhfeidhm ar dhuine ar an dá thaobh den bhóthar. Thugamar cuairt ar Aras Shorca Ní Ghuairim agus is iontach an tseirbhís a thugtar san ionad seo. Bhí an tadh leis an moltóir labhairt leis an bpríomhoide i Scoil Mhuire agus deis d'fháil siúl timpeall na scoile. Istigh sa scoil seo tá atmaisféar faoi leith agus léiriúcháin den scoth ag baint leis an dtimpeallacht, léiriú amháin a thugann cur síos ar an mbrat glas. Trua nach raibh an brat le feiscint ar chuaille na scoile an lá úd ach beidh an bhliain seo chugainn dar ndoigh. Tá óstán Chuan Charna suite go deas ar an mbóthar siar agus curtha i láthair le mealladh, agus tírdhearc oiriúnach. Is deas an dearadh atá ag an gCogaslann agus an ceann taoi atá air. Is trua go bhfuil an siopa ag Geraghty dúnta mar go bhfuil cuma dheas ar. Chuir sé áthas agus dóchas orainn go bhfuil Ionad na nImirceach ag dul chun cinn mar is droch-chrut a bhí ag an suíomh seo cheana.

Landscaping and Open Spaces / Tírdhreachú agus Spásanna Oscailte:

Tá éirithe go maith libh sa roinn seo agus tugtar aitheantas daoibh as ucht na hoibre a deineadh i rith na bliana leis na spásanna oscailte. Bhí an baile beag faoi bhláth le linn na cuairte, cuid mhaith go fiáin agus cuid i mboscaí deasa ar thaobh an bhothair agus tríd an bhaile. Is maith go bhfuil sibh ag fáil cabhrach ós na mic léinn le boscaí éagsúla dos na h-éin a chur le chéile, maith sibh. Tá cuid de ghairdíní ins na h-eastáit tithe maisithe go deas le bláthanna. Ag Scoil Mhuire tá gairdín álainn le bláthanna agus páirc bheag shúgartha taobh leis. Tá deis thar an

gnáth ag na tithe ag Garraí an Chlochair grúpa beag a chur le chéile d'fhonn tabhairt faoi na dtírdhearc sa suíomh i lár an eastáit. Tá obair aonair ar siúl anseo ach b'fhiú go mór meitheal rialta a chruthú anseo. Rogha deas de bhláthanna atá sa sean bhád ag an gcroaire, agus blátanna mealltacha fiáine sa phortach taobh leis, ms An Ceannabhain. Tá crút an bháid faoi bhrú agus ní fada go mbeidh sé ag meath. Is gá aire a thabhairt don timpeallacht chomh maith ag bun an bháid.

Wildlife, Habitats and Natural Amenities / Fiadhúlra, Gnáthóga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha:

Sa roinn seo tá deiseanna sa bhreis agaibh do chuid marcanna a ardú de bhrí go bhfuil an fharráige agus an cladach taobh libh. Thug mé chuairt chuig Scoil Cholmáin Muigh Inse cúpla míle amach ó Charna, cuairt a léirigh chomh fairsaing is atá an fiadhúlra anseo, agus is mór deis atá agaibh, maraon leis an abhainn agus an droichead ag Scoil Phobal breis marcanna a thuilleamh sa chatagóir seo. B'fhiú roinnt boird léiriúcháin a chur suas in áiteacha éagsúla chun suim sa fhiadhúlra a spreagadh. Tá tuiscint agaibh ar bheith cúramach le forbairt na habhann agus áiteacha eile maidir leis an bhfiadhúlra, mar uaireanta deintear damáiste dos na plandaí nádúrtha le forbairt áirithe. Ard mholadh go bhfuil baill an choiste a plé le plean pailneoire na hÉireann. Nach breá daoibh go dtagann an chuach chomh luath san sa bhliain, i gcoitinne bíonn daoine breá sásta le glór na gcuaich ó mhí Bealtaine ar aghaidh. Maidir leis an dTraonach, is rí annamh a chloisfeá a léithéid, ach i mBéal a Mhuirthead, i Muigheo. Dein bhur ndícheall maidir leis an An Glúineach Bhiorach (Knotweed) a scrios atá ró fhlúireach i gConamara agus ar fud na tíre, ach faigh treoir ós na saineolaithe na thaobh.

Sustainable Waste and Resource Management / Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe:

Tá fadhb agaibh le carranna agus miotal de gach saghas atá caite amach. Is maith go bhfuil suim ag Galway Metal é a bhailiú agus a chur ar aghaidh le haghaidh athchúrsála. Tá an fhadhb seo ró-choitianta, ach go háirithe in áiteacha iargúlta. Is maith go bhfuil teagmháil fhiúntach agaibh leis an gComhairle Contae agus má chlaitear le plean trí bliana beidh toradh maith ar bhur iarrachtaí. Ag an bpointe seo is gá go mbeadh córas múirín ag an Scoil Pobal mar go gcuireann a leithéad leis na pleananna eile atá agaibh sa chatagóir seo.

Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:

Seo roinn fíor thábhachtach agus neart marcanna ag dul dó. Is cuid lárnach an obair seo Píoc Suas é. Ba chóir daoibh a chur in iúl don gcoiste go bhfuil comóras faoi leith do obair lucht na nÓg sa chomórtas náisiúnta. Smaoinigh ar pháirt a ghlacadh don bhliain seo chugainn. Is léir ó bheith ag léamh bhur n-iontráil go bhfuil iarrachtaí cuimsitheacha ag an scoil le hobair an choiste. Bhí deis féachaint ar obair an chosáin a ritheann trasna ó Scoil Mhuire. Bhí tríúr fear i mbun oibre agus gar de bheith reidh chun dreach a chur ar an gcósán. Ní ró-thógtha a bhíomar a chloisint gur 'black top' atá beartaithe don chríoch seo. B'fhearr claoi le ábhar traidisiúnta. Tríd is tríd bhí an baile go glan néata. Tá an comharthaíocht ag an gCroaire trína chéile, gan smacht, gan eagar. Bhfuil aon tseans go mbéadh an Comhairle Co. sásta an córas seo a riaradh agus feabhas a cur ar chúrsaí, 'free for all' atá ag an gCosaire seo. Tá cuma maith ag an mbanc buidéal agus gan aon mhí-usáid le feiscint.

Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:

Tá an tithíocht go maith tríd an bhaile beag. Is math linn na heastáit chomh maith, cé nach bhfuil aon ainm tugtha don sraith tithe ar dheis ar an mbealach chun an óstáin. . Sílim gur deineadh moladh blianta ó shoin do Gharraí and tSagairt fáil reidh leis an bhfonsa adhmaid agus fál oiriúnach a chur ina áit. Tá Garraí an Chlochair luaite cheana féin agus beidh muid ag tsnúth le feabhas an bhliain seo chugainn. Tá roinnt tithe aonair le gairdíní álainn agus molaim iad dá bharr. B'fhiú péint úr a chur ar chuid des na bínisí chun cur le hionmhá an bhaile beag, ach tugtar aitheantas den péintúr a cuireadh ar na bínisí a luadh sa bhfoirm iontrála.

Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:

Tá cuma mhaith ar na bealaí isteach agus ionmhá maith cruthaithe ag na forinimh ag an Acadamh. Mar sin féin sílim go bhfuil gá le comhartha FÁILTE GO DTÍ CARNA a cur suas, bíodh sé maisithe agus infheicthe agus le feiceáil i bhfad roimh theacht ar an mbaile. Tá gá le dhá cheann ar na príomhbóithre. Fós tá gá le carrchlós beag ag an gCroaire ós rud é go bhfuil leacht ag gríosadh daoine féachaint ar an léarscáil chomh maith. Tá tábhacht le lucht ghnó bheith i mbun oibre lena gcuid foirgnimh a choimeád glan agus néata, ach go háirithe iad siúd atá suite ar thaobh an bhóthair. Is breá linn an léiriú ar Lúibín Mhairs, nach iontach an tsiúlóid seo.

Súntas Críce

Bhaineamar an taitneamh as ár gcuaire go Carna. Tá obair mhaith ar siúl agaibh agus fealsúnacht mhaith agaibh idtaobh an chomórtais agus tuiscint maith ar an dúshlán atá romhaibh. Cloí leis an bplean agus ná bí ag tabhairt an iomad tograí oraibh féin. Dein iarracht léarscáil lámh-dhéanta a chur le chéile a bheidh léirithe go soiléir do shroinséar a bheidh ag teacht chun meastóireachta. Adh mór amach anseo agus go néirí libh do 2018.

Concluding Remarks: